# Seomra do Mhac léinn – Scéim um Thionóntachtaí an Údaráis Áitiúil

## Ceisteanna Coitianta

### Cad é an Seomra do Mhac léinn – Scéim um Thionóntachtaí an Údaráis Áitiúil?

Ceadaíonn an Scéim do thionóntaí údaráis áitiúil seomra nó seomraí ina dtithe a ligean ar cíos do mhic léinn tríú leibhéal le cead roimh ré ón údarás áitiúil, mar an tiarna talún.

### Conas a fheidhmíonn an Seomra do Mhac léinn – Scéim um Thionóntachtaí an Údaráis Áitiúil?

- Ba chóir do thionónta atá ag iarraidh páirt a ghlacadh sa scéim an seomra nó na seomraí ar mian leo a ligean ar cíos a fhógairt ar dtús. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir leis an tionónta seomra a ligean ar cíos ach do mhic léinn tríú leibhéal.
- Is féidir leis an tionónta infhaighteacht an tseomra a fhógairt ar shuíomhanna gréasáin lóistín na mac léinn, ar shuíomhanna gréasáin na gcoláistí agus na n-ollscoileanna agus ar mheáin eile, is féidir tuilleadh eolais a fháil anseo Seomra do Mhac léinn.
- Is coinníoll den scéim é go mbreathnaíonn an mac léinn ar an réadmhaoin agus ar an seomra is mian leo a fháil ar cíos agus go sásaíonn an tionónta agus an mac léinn araon oiriúnacht an tsocraithe maidir leis an réadmhaoin, an tionónta, agus an mac léinn, agus a n-oibleagáidí faoi seach faoin scéim.
- Nuair atá an tionónta agus an mac léinn sásta leis an socrú atá beartaithe, ní mór do gach páirtí iarratas ar leith a dhéanamh chuig an údarás áitiúil ar chead a bheith rannpháirteach sa scéim.
- Mar chuid den phróiseas iarratais, ceanglaítear ar an tionónta agus ar an mac léinn araon dearbhú a shíniú chuige seo.
- Más mian le tionónta níos mó ná seomra amháin a chur ar fáil do mhic léinn ní mór iarratas ar leith a dhéanamh do gach mac léinn.
- Tá foirmeacha iarratais do thionónta agus do mhic léinn ar fáil ó shuíomh gréasáin d'údarás áitiúil.

### Is tionónta údaráis áitiúil mé, an bhfuil aon choinníollacha le mo rannpháirtíocht sa scéim?

- Níor cheart go mbeadh aon riaráistí cíosa agat, nó má tá riaráistí ann caithfidh plean íocaíochta a bheith agat;

- Ní mór duit téarmaí agus coinníollacha do chomhaontú tionóntachta a chomhlíonadh;
- Caithfidh do theach a bheith i riocht maith agus dea-choinnithe;
- Ní féidir plódú i do theach a bheith mar thoradh ar rannpháirtíocht sa scéim;
- Ní mór iarratas chun páirt a ghlacadh sa scéim a dhéanamh chuig d'údarás áitiúil agus é a fhaomhadh sula mbogann aon mhac léinn isteach.
- Ní mór duit Scéim Faoiseamh ar Sheomra a Ligean ar Cíos na gCoimisinéirí Ioncaim a chomhlíonadh chun críocha cánach, is féidir sonraí a fháil anseo Scéim Faoiseamh ar Sheomra a Ligean ar Cíos na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an liosta thuas táscach amháin agus féadfaidh údaráis áitiúla aird a thabhairt ar fhachtóirí ábhartha eile a eascraíonn i gcúinsí aonair.

**Is mac léinn mé, an bhfuil aon choinníollacha maidir le mo rannpháirtíocht sa scéim?**

- Ní mór duit a bheith i do mhac léinn cláraithe ag institiúid ardoideachais agus cruthúnas rollaithe a sholáthar in Institiúid Ardoideachais mar chuid den phróiseas iarratais.
- Caithfidh tú a bheith os cionn 18 mbliana d'aois;
- Ní féidir leat a bheith i do ghaol leis an tionónta;
- Níor cheart go raibh tú rannpháirteach in iompar frithshóisialta.

**Cad é stádas an chomhaontaithe a rinneadh idir an tionónta agus an mac léinn chun seomra a ligean ar cíos faoin scéim seo?**

- Is Comhaontú Ceadúnais an comhaontú a dhéantar idir an tionónta agus an mac léinn faoin scéim seo. Ciallaíonn sé seo cead chun fanacht arna dheonú ag an tionónta le cead roimh ré ón údarás áitiúil.
- Ní thugann socrú ceadúnais faoin scéim stádas tionóntachta don mhac léinn.
- Níl an mac léinn atá ag fáil seomra ar cíos ina pháirtí sa chomhaontú tionóntachta idir an t-údarás áitiúil agus an tionónta, agus níl aon chearta comharbais ag an mac léinn maidir leis an tionóntacht.
- Féadfaidh an tionónta an comhaontú ceadúnais a chúlghairm tráth ar bith, faoi réir tréimhse fógra réasúnach.
- Féadfaidh an t-údarás áitiúil a iarraidh freisin ar an tionónta an comhaontú ceadúnais a chúlghairm, mar shampla chun troid in éadan iompar frithshóisialta, nó i gcásanna plódaithe.
- Tá an tionónta freagrach as aon iompar frithshóisialta ar thaobh aon áititheora ina dteach.

**Cad é fad an chomhaontaithe ceadúnais faoin scéim seo?**

- Féadfaidh an tionónta an seomra nó na seomraí cuí a ligean ar cíos faoi cheadúnas ar feadh bhliain acadúil an mhic léinn.
- Féadfar an socrú leis an mac léinn ceadaithe a fhadú do na blianta acadúla ina dhiaidh sin, faoi réir faomhadh sainráite an údaráis áitiúil roimh ré do gach bliain acadúil ina dhiaidh sin.
- Féadfaidh údarás áitiúil diúltú síneadh a chur leis an socrú le cinneadh den sórt sin faoi réir achomhairc.

**An mbeidh an mac léinn rannpháirteach faoi réir ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána?**

Féadfaidh mac léinn ar mian leo páirt a ghlacadh sa scéim a bheith faoi réir ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

**Cé mhéad cíosa is féidir leis an tionónta a ghearradh ar an mac léinn?**

- Is féidir leis an tionónta cinneadh a dhéanamh faoin méid cíosa a ghearrfar ar an mac léinn faoin scéim seo. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, go dtagann an scéim seo faoi Scéim Faoiseamh ar Sheomra a Ligean ar Cíos na gCoimisinéirí Ioncaim chun críocha cánach.
- Faoi théarmaí na scéime na gCoimisinéirí Ioncaim is féidir le tionónta údaráis áitiúil rannpháirteach suas le €14,000 in aghaidh na bliana a fháil saor ó cháin. Má sháraítear an tairseach €14,000 beidh méid iomlán an chíosa inchánach. Is féidir tuilleadh faisnéise ar Scéim Faoisimh Seomra a Ligean ar Cíos na gCoimisinéirí Ioncaim a fháil anseo.
- Nuair is infheidhme, ba cheart do thionóntaí a chinntiú freisin go bhfuil siad ag cloí le téarmaí agus coinníollacha Chárta Leighis na Roinne Coimirce Sóisialaí agus FSS.

**Conas a rachaidh rannpháirtíocht sa scéim i bhfeidhm ar an gcíos a íoctar leis an údarás áitiúil?**

- Tá aon ioncam breise a fhaigheann tionónta údaráis áitiúil de bhun rannpháirtíochta sa scéim ináirithe chun an cíos a íocann siad leis an údarás áitiúil a ríomh.
- Beidh an tionónta faoi réir athbhreithniú cíosa ag teacht leis an Scéim Cíosa Difreálach atá i bhfeidhm ag an údarás áitiúil chun aon ioncam breise a fhaightear trí sheomra a fháil ar cíos faoin scéim seo a chur san áireamh.

- Níl ioncam an mhic léinn inmheasúnaithe chun críocha cíosa difreálach a ríomh.

**An féidir le mac léinn a cháiligh don Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) páirt a ghlacadh sa Scéim?**

Is féidir, is féidir le mic léinn atá cáilithe le haghaidh ÍCT a n-íocaíocht ÍCT a úsáid chun ranníocaíocht a dhéanamh i dtreo an chíosa atá iníoctha leis an tionónta chun seomra a fháil ar cíos faoin scéim seo. Tá tuilleadh sonraí faoin ÍCT agus na riachtanais do mhic léinn agus do thionónta araon ar fáil ó d'údarás áitiúil.

**An féidir seomra a ligean ar cíos do bhall teaghlaigh faoin Scéim seo?**

- Ní féidir. Ní féidir leis an mac léinn a bheith ina bhall teaghlaigh, nó caidreamh a bheith acu leis an tionónta cónaitheach nó ina bhall de theaghlach an tionónta, agus caithfidh síad dearbhú a shíniú chuige sin.
- Féadfaidh na daoine seo iarratas a dhéanamh chun cónaí sa réadmhaoin faoi chead reatha na n-údarás áitiúil chun cónaí/cuimsiú ar nósanna imeachta an chuntais chíosa. Déan teagmháil le d'údarás áitiúil le do thoil chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis an gceart chun cónaithe.

**An féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh údaráis áitiúil diúltú d'iarratas ar rannpháirtíocht sa chlár?**

Is féidir, féadfaidh iarratasóirí, an tionónta nó an mac léinn nó an dá cheann, achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh údaráis áitiúil diúltú d'aon iarratas faoin scéim seo. Déan teagmháil le d'údarás áitiúil le do thoil chun tuilleadh eolais a fháil ar an bpróiseas achomharc atá i bhfeidhm.

**Cad a tharlaíonn nuair a scoireann an tionónta a dtionóntacht nó nach bhfuil gnáthchónaí orthu sa réadmhaoin a thuilleadh?**

- Cuirtear deireadh leis an gcomhaontú ceadúnais seo go huathoibríoch nuair a thagann deireadh leis an gcomhaontú tionóntachta idir an tionónta cónaitheach agus an t-údarás áitiúil agus/nó nuair nach bhfuil gnáthchónaí ar an tionónta cónaithe a thuilleadh sa réadmhaoin.
- Ní thugann seomra a ligean ar cíos faoin scéim seo stádas tionóntachta nó aon chearta áitíochta don mhac léinn – níl na daoine sin ina bpáirtithe sa chomhaontú tionóntachta idir an t-údarás áitiúil agus ní bheidh aon chearta comharbais acu maidir leis an tionóntacht.

**An bhfuil costais fóntas agus costais eile san áireamh sa chíos a íocann an mac léinn chun seomra a ligean ar cíos?**

Is leis an tionónta amháin iad ranníocaíochtaí i leith fóntais, fuinnimh agus costais eile nó má chuirtear na costais seo san áireamh sa chíos a íocann an mac léinn. Ar an gcaoi chéanna, is ábhair don tionónta cónaithe amháin iad taiscí ráthaíochta. Níl aon ról ag an údarás áitiúil maidir leis seo.

**Cad a tharlaíonn má éiríonn díospóid idir an tionónta agus an mac léinn?**

- Is faoin tionónta amháin atá sé idirghabháil a dhéanamh ar aon díospóidí idir an tionónta agus an mac léinn. Níl aon ról ag an údarás áitiúil maidir leis seo.
- Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil an mac léinn faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí tionónta dá bhforáiltear sa reachtaíocht um Thionóntachtaí Cónaithe agus nach bhfuil an comhaontú ceadúnais i bhfeidhm faoi réir rialacháin ag an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe agus nach bhfuil rochtain ag an mac léinn ar sheirbhís réitigh díospóide an RTB.